
# Tuarascáil Riosca Oifige – Feabhra 2021

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig, agus coiste bainistíochta riosca (RMC) aici ina bhfuil an triúr stiúrthóirí a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas. Tagann RMC le chéile gach ráithe agus déanann sé measúnú ar an dul chun cinn maidir le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a thaifeadtar ar chlár rioscaí na hOifige agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca laistigh den Oifig, foilsíonn RMC an clár rioscaí corparáideacha gach ráithe ina leagtar amach na 10 riosca is mó a léirítear ar 'theasléaráid déine' riosca. Is iad sin na rioscaí 'iarmharacha', agus rialuithe maolaitheacha curtha san áireamh. Tá míniú achomair ar gach riosca sa tábla atá i gceangal leis seo. Tá measúnú foriomlán RMC ar an dul chun cinn i mbainistiú na rioscaí a rátáiltear mar 'ard' tugtha sa roinn 'conclúidí'.




| | Rangú | Riosca |
|---|---|---|
| ARD | 1 | D'fhéadfadh sé nach n-uasmhéadófaí an acmhainneacht foirne mar gheall ar phróisis agus ar leibhéal na mball foirne ar bheagán taithí |
| MEÁNACH | 2 | D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht cliant ar a gcumas iniúchtaí a éascú |
| | 3 | Caolú cultúir Oifige mar gheall ar athruithe sa timpeallacht oibre |
| | 4 | Sláinte agus sábháilteacht foirne mar gheall ar obair ón mbaile thar thréimhse fhada agus riachtanais níos casta |
| | 5 | D'fhéadfadh páirtithe leasmhara seachtracha féachaint ar spriocanna deimhniúcháin iniúchóireachta mar spriocanna nach gcomhlíonann a riachtanais |
| | 6 | Córais TFC neamhéifeachtacha as a dtiocfaidh neamhábaltacht ár ngnó a oibriú nó a bhainistiú go héifeachtach |
| | 7 | Nochtaí a rinneadh leis an Oifig nár tugadh freagra cuí orthu |
| | 8 | Eisiúint neamhdhleathach sonraí |
| | 9 | Neamhchomhlíonadh ceanglas rialála (corparáideach) |
| | 10 | Fágann droch-chumarsáid le cliaint go gcailltear muinín as an Oifig agus/nó go mainníonn sí a haschuir bheartaithe a sholáthar go tráthúil |

## Conclúidí ó RMC

Rinne RMC athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le rioscaí a bhainistiú mar a leagtar amach sna gníomhaíochtaí láimhseála riosca. Bhreithnigh sé rioscaí atá ag teacht chun cinn freisin. Thug sé dá aire nár tuairiscíodh aon rioscaí ar chóras tuairiscithe riosca na hOifige.

Is é conclúid fhoriomlán RMC i mí Feabhra 2021 gur ábhar imní mór riosca go fóill é an riosca *go bhféadfadh sé nach n-uasmhéadófaí an acmhainneacht foirne mar gheall ar phróisis agus ar leibhéal na mball foirne ar bheagán taithí.*